



**TIPPERARY HISTORICAL
JOURNAL 1993**

© County Tipperary Historical Society

www.tippstudiesdigital.ie

society@tipperarycoco.ie

ISSN 0791-0655

I gCré-umha agus Marmor Fuar: i gCuimhne Sheáin Uí Threasaigh

Le Michael Kenny

Is iomaí bailéad, alt is scéal i dTiobraid Árann agus lasmuigh de a d'eascair as saol gníomhach fuinní Sheáin Uí Threasaigh agus as an anbhás a chuir críoch leis. Sna trí bliana gairide ón am a scoaileadh saor é ó charcair Dhún Dealgan ag deireadh 1917 go dtí lá a bháis, 14 Deireadh Fómhair 1920, bhí sé ina meascán ba dhúthrachartaí is ba mhó fuinneamh sa ghlúin nua de threallchogaithe i ndiaidh 1916.

Ar na nithe a chuir le daingne a rúin aghaidh a thabhairt ar fhórsaí na Corónach a luithe is ab fhéidir, bhí na tréimhsí príosúnachta a chuir sé isteach i gCorcaigh, i Muinseo agus i nDún Dealgan (as bheith i bparáid faoi eíde lá chuairt De Valera ar bhaile Thiobraid Árann i 1917), chomh maith lena sheal ar stailc ocras tráth maraithe Thomáis Aghas. Ba dhaingne fós é tar éis sealá eile príosúnachta i 1918.

B'fhollas é sin ní hamháin as an mbealach fraocharta, nach mór, inar luigh sé isteach ar athreagrú na nOglach, ach as méid an chruatain a raibh sé féin is a chomrádaithe — ar nós Dan Breen — sásta cur suas leis san obair sin. Ba chuma leo, de réir dealraimh, tabhairt faoi thuras 220 míle, go Baile Átha Cliath is ar ais, ar rothair le gunnaí a fháil.

Tá cur síos ar fáil ar na himeachtaí sin uile i leabhar Desmond Ryan, *Seán Treacy and the 3rd Tipperary Brigade*, in *My Fight for Irish Freedom* le Dan Breen agus in *Trodairí na Treas Briogáide* le Colm Ó Labhra (an tAthair Colmcille, a d'éag i 1992). Tá cur síos freisin ar chuid de na heachtraí sin in eagrán eile den iris seo is ní gó dul ar ais ar an ngort sin athuair ar mhaithle leis an aiste seo.

Rud eile atá i gceist anseo. Níl fúm ach cur síos a dhéanamh ar chuimhneachán amháin air atá anois in Ard-Mhúsaem na hÉireann agus rosc Dan Breen ina thaobh, “Full justice has not been done to his memory”, in aigne againn.


Sa bhliain 1991 réachtáladh taispeántas “Ar Thóir na Saoirse” san Ard-Mhúsaem mar chomóradh 75 bliain ar 1916. Agus an taispeántas á chur le chéile is an t-ábhar á thiomsú, chuaigh an tAthair James Allis, col ceathar le Seán Ó Treasaigh, i dteaghmháil linn lena rá go raibh busta i gcré-umha aige de Sheán, agus go raibh sé toilteanach é a chur ar fáil don Mhúsaem le honór a thabhairt dá chol ceathar. Gan amhras bhí an Músaem an-sásta glacadh leis an tairiscint agus bhí an dealbh ina hionad cuí sa taispeántas a oscalaíodh mí Aibreáin na bliana sin.

Tá cúrla na deilbhe féin an-spéisiúil freisin. Shaothraigh an tAthair Allis ar feadh i bhfad i Sasana agus, i Londain dó, chuir comrádaí dá chuid an dealbhóir Kathleen Parbury in aithne dó. D'iníon í le máinlia i Sráid Harley agus chaith sí féin tréimhse ag déanamh staidéir ar an leigheas sul ar chas sí ar an dealbhóireacht.

Tuigtear dom go bhfuil dealbh dá cuid ar an Inis Naofa i Lindisfarne (*Saint Aidan*), agus ceann suntasach in albastar *Infans in Utero* in ospidéal máithreachais i Londain. Bhí píosa eile dá cuid i gcré-umha, *Na Saoithe Anoir*, ar taispeáint in Ard-Eaglais Phóil i Londain ar feadh tréimhse de bhlianta.

Thart ar 1970, tamall tar éis dó aithne a chur uirthi, d'iarr an tAthair Allis, is gan aige ach grianghraf nach raibh chomh hiontach sin, uirthi busta de Sheán Ó Treasaigh a dhéanamh. Dhiúltaigh sí ar dtús — ní nach ionadh agus an bun ábhar a bhí ar fáil di chomh beag sin. Aitíodh uirthi arís is ghéill sí.





Copyright — National
Museum of Ireland.

Choinnigh an tAthair Allis i ndlúth-theagmháil léi fad is a bhí an obair ar bun, é ag taistéal go Lindisfarne fiú (mar a raibh sí bunaithe san am) d'fhonn gnéithe den choimisiún a phlé. Agus an busta maorga i gcré-umha ar leac marmair curtha i gcrích aige, thóg sé leis abhaile go Londain é. Ar éirí as obair paróiste dó ar ball, d'fhill sé ar Thiobraid Árann agus thóg an dealbh leis. D'fhan an dealbh ina theach cónaithe go dtí 1991 nuair a cuireadh ar taispeáint san Ard-Mhúsaem í mar a luadh thusa.

Tá an busta dhá throigh ar airde ar bhonn ochtsleasach de mharmar dubh. Tá na ceannaithe soiléir is so-atheanta agus is maith an teist é an busta ar chumas an dealbhóra. Ní raibh ar fáil di go bunúsach ach grianghraif ina raibh Ó Treasaigh i measc grúpa fear, agus a ghnúis chun tosaigh seachas a bheith cliathánach nuair a glacadh an grianghraif. Is ómós cuí é cinnte do dhuine ar leith.

Michael Kenny explains the provenance of the bust of Sean Treacy by Kathleen Parbury donated to the National Museum of Ireland in 1991 by Treacy's first cousin, Fr. James Allis.

